Gaelscoil Moshíológ, An Chraobhach, Bth. Charn an Bhua, Guaire, Co. Loch Garman
www.facebook.com/GaelscoilMoshíológ www.gaelscoilmoshiolog.com
Guthán: 053 9484028 Ríomhphoist: eolasgm@gmail.com

Tag:/Re: Polasaí Teicneolaíochta Oiriúnaitheach

27/05/21

Gaelscoil Moshíológ

Polasaí Teicneolaíochta Oiriúnaitheach

Polasaí maidir le Tuismitheoirí agus Daltaí ag Úsáid Teicneolaíochta Oiriúnaitheach sa Bhaile

Réamhrá:

Cuireadh an polasaí seo, mar aon leis na téarmaí agus coinníollacha agus an comhaontú ceangailte a ghabhann léi, le chéile de réir Chiorclán 10/2023 na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le teicneolaíocht oiriúnaitheach a bhíonn riachtanach do dhaltaí a bhíonn faoi mhíchumas fisiceach nó cumarsáideach.

Réasúnaíocht:
Is é aidhm an doiciméid seo ná treoirlínte soiléire a leagan amach d'úsáid sainthrealaimh sa bhaile, treoirlínte atá molta ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) agus atá riachtanach do dhaltaí a diagnóisíodh go bhfuil siad:

- Faoi mhíchumas trom
- Agus/nó faoi mhíchumas céadfach nó cumarsáideach sa mhéad is go bhfuil a gcumas chun cumarsáid a dhéanamh trí mheán labhartha nó scríbhneoireachta laghdaithe
- Nuair atá sé soiléir nach bhfuil an trealamh reatha atá sa scoil dóthanach chun freastal ar riachtanais an dalta
- Nach mbeidh sé indéanta do na daltaí seo teacht ar churaclam na scoile gan a leithéid de threalamh a bheith acu

Is leis an scoil aon trealamh a cheannaítear de réir threoirlínte na Roinne Oideachais agus Scileanna agus is cóir an trealamh sin a choimeád sa scoil go hiondúil. Féadfaidh an Bord Bainistíochta, áfach, i gcúinsí áirithe ligean don dalta an trealamh a úsáid sa bhaile. D'fhéadfaí an trealamh a úsáid sa bhaile dá n-aontófaí go bhféadfadh an dalta leas a bhaint as, nó go bhféadfadh feabhas teacht ar ghnóthachtáil acadúil agus oideachasúil an dalta, a f(h)oghlaim agus cur i gcríoch na hoibre baile trí úsáid a bhaint as tacaíocht theicniúil nó trealamh ar nós gléas scoile.

Déantar iarracht leis an gcomhaontú seo a chinntiú go gcoimeádtar agus go láimhseáiltear an trealamh i slí shábháilte fad is a bhíonn an trealamh faoi chúram an dalta lasmuigh den scoil.

<u>An nós imeachta a leantar chun ligean do dhalta an teicneolaíocht oiriúnaitheach a thógáil abhaile</u>

1. Ní mór do thuismitheoir/chaomhnóir litir ghairid a scríobh ag déanamh cur síos ar an bhfáth a gcreideann siad go bhfuil sé riachtanach don dalta an teicneolaíocht oiriúnaitheach a thógáil abhaile leis/léi.

2. Cuirfear an litir faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta agus déanfar cinneadh ina leith.

3. Beidh ar an tuismitheoirí na téarmaí agus na coinníollach a ghabhann leis an bpolasaí seo a léamh ina iomlán agus glacadh leo.

<u>Téarmaí agus Coinníollacha:</u>
Maidir le teicneolaíocht oiriúnaitheach scoile a úsáid sa bhaile

1. Is le Gaelscoil Moshíológ amháin an gléas seo.

2. Má tharlaíonn sé go mbogfaidh an dalta go scoil eile, iar-bhunscoil san áireamh, rachaidh an scoile i gcomhairle leis an eagraí riachtanais speisialta oideachais (SENO) maidir leis an ngléas a aistriú leis an dalta sa chás go bhfuil an gléas fós in oiriúint do riachtanais mheasúnaithe an dalta. Is iad Bord Bainistíochta na Scoile a dhéanfaidh an cinneadh deireanach.

3. Is é/í an dalta ainmnithe amháin a bhainfidh úsáid as an ngléas seo. Ní úsáidfidh aon duine eile an gléas agus ní aistreofar úsáid an ghléisgo duine eile.

4. Cuirfidh an tuismitheoir i gcuimhne ar an dalta agus múinfidh siad dó/di conas aire a thabhairt don ghléas fad is atá sé/sí á láimhseáil, á iompar agus á úsáid.
- Ní cóir an gléas a fhágáil in áit phoiblí gan aon duine á fhaire.
- Ní cóir an gléas a fhágáil gan aon duine á fhaire sa seomra ranga nó in áit ar bith eile sa scoil.
- Ní mór gach cábla a bhaineann leis an ngléas a phlugáil amach ó shoicéid agus gach giuirléid a stóráil go sábháilte sa chás don ghléas, leis an ngléas nuair a bheidh an obair atá le déanamh críochnaithe.
- Ní cóir an gléas a fhágáil amach os comhair daoine i bhfeithicil gan aon duine ina bun nó gan an fheithicil a bheith faoi ghlas. Is cóir an gléas a choimeád as radharc sa bhúit agus é faoi ghlas.
- Ní cóir do thríú páirtí a bheith ag útamáil leis an gléas nó iarracht a dhéanamh é a athrú in aon slí.

5. Bainfear úsáid as an ngléas chun cabhrú le scileanna clóscríbhneoireachta, le hobair bhaile, tascanna nó aon ghníomhaíochtaí scoile eile a dhéanamh. Níl cead ach pacáistí/acmhainní atá faofa ag an scoil a úsáid.

6. Is cóir an gléas a thabhairt ar ais don scoil, agus dea-bhail fós air, roimh nó ar an lá deireanach den scoilbhliain nó níos luaithe má iarrann an scoil ar an dalta amhlaidh a dhéanamh.

7. Clúdaítear an gléas faoi árachas na scoile fad is a bhíonn sé sa scoil ach ní mór don trealamh a bheith clúdaithe faoi árachas baile má thógtar an gléas abhaile ón scoil. Is cóir do dhaltaí agus do thuismitheoirí aire mhaith a thabhairt don ghléas chun damáiste nó caillteanas a sheachaint.

8. Déanfaidh tuismitheoir úsáid an ghléis, úsáid idirlíne san áireamh, a mhaoirsiú agus déanfar cinnte de go mbeidh an t-ábhar oiriúnach agus go n-íoslaghdófar an baol teagmháil le hábhair mhíchuí.

9. Déanfaidh an scoil seiceálacha rialta chun an gléas a uasdátú agus cinnteofar go mbíonn bogearraí frithvíreas suas chun dáta ar an ngléas. Déanfar seiceáil freisin nach mbíonn an gléas in úsáid i slí mhíchuí.

10. Bainfear úsáid dhleathach as an ngléas seo agus úsáidfear é de réir pholasaí úsáide inghlactha na scoile maidir le húsáid eiticiúil na teicneolaíochta, le húsáid bogearra dleathach, úsáid idirlíne agus sonraí pearsanta a chosaint.

11. Féachfar ar an iompar thíosluaite mar iompar nach féidir glacadh leis agus iarrfar ar an dalta an trealamh a thabhairt ar ais mar thoradh:

- Rochtain a fháil ar ábhar pornagrafach nó gáirsiúil, an t-ábhar seo a chur ar aghaidh nó glacadh le hábhar den sórt seo
- Páirt a ghlacadh i gcibearchaimiléireacht nó i mbradaíl (ábhar cruthaithe ag daoine eile a thógáil agus a chur i láthair ar nós gur leis/léi féin an t-ábhar)
- Páirt a ghlacadh i gcibearbhulaíocht
- Bogearra nó aipeanna a íoslódáil nó a lódáil nach bhfuil faofa ag an scoil

12. Is gá bail mhaith a choimeád ar an ngléas. Ní mór aon fhabht nó aon locht a tharlaíonn don ghléas fad is atá sé i seilbh an dalta a thuairisciú don phríomhoide nó don mhúinteoir ranga. Cuirfidh siad an múinteoir, a bhfuil cúram teicneolaíochta faisnéise air/uirthi, ar an eolas faoi.

13. Is í an scoil a eagróidh aon deisiúchán atá le déanamh don ghléas mar thoradh ar dhamáiste a rinneadh fad is a bhí an gléas i seilbh an dalta. Is é/í tuismitheoir an dalta a íocfaidh as an deisiúchán.

14. Níl cead an gléas a dhíol, a thabhairt do dhuine eile, a chur ar aghaidh nó fáil réidh leis.

15. Ní cóir aon mharcanna, aon ghreanadh nó aon lipéad a bhaint den ghléas, a chur i bhfolach nó a athrú. Ní cóir aon mharc a chur ar an ngléas, marc a d'fhéadfadh luach an ghléis a ísliú.

16. Má chailltear, má ghoidtear nó má dhéantar damáiste don ghléas is cóir don tuismitheoir an príomhoide agus na Gardaí a chur ar an eolas faoi chomh luath agus is féidir leis/léi.

17. De bharr na socruithe ceadúnaithe bogearraí reatha maidir leis an ngléas a úsáid sa bhaile, níl cead an pacáiste a bhaineann leis an ngléas a úsáid d'aon chuspóir tráchtála.

18. Má sháraítear aon cheann de na téarmaí nó na coinníollacha seo, féadfaidh an Bord Bainistíochta tarraingt siar ón gcomhaontú seo am ar bith.

Comhaontú le bheith sínithe ag an dalta agus an tuismitheoir

Maidir le húsáid na teicneolaíochta oiriúnaithí sa bhaile

Cineál gléis	
Sraithuimhir an ghléis	
Luach an ghléis	
Liosta de na bogearraí atá suiteáilte ar an ngléas	
Luach na mbogearraí atá suiteáilte ar an ngléas	
Liosta den trealamh a ghabhann leis an ngléas (Déan cur síos ar an trealamh, cineál san áireamh)	
Luach an trealaimh a ghabhann leis an ngléas (Liosta iomlán)	
Dearbhaím go nglacaim freagracht as an ngléas seo a ghlacadh i mo sheilbh, sealúchas gur le Gaelscoil Moshíológ é, le tógáil abhaile nuair a bhíonn sé ag teastáil ó mo pháiste. *Dearbhaím gur léigh mé, go dtuigim go hiomlán agus go nglacaim leis na téarmaí agus leis na coinníollacha ceangailte leis an bpolasaí seo agus leis an gcomhaontú agus aon pholasaí eile mar a chinneann Gaelscoil Moshíológ.*	
Ainm an dalta (Bloclitreacha)	
An rang ina raibh an dalta nuair a síníodh an comhaontú seo	
An múinteoir a bhí ag an dalta nuair a síníodh an comhaontú seo	

Gaelscoil Moshíológ, An Chraobhach, Bth. Charn an Bhua, Guaire, Co. Loch Garman
www.facebook.com/GaelscoilMoshíológ www.gaelscoilmoshiolog.com
Guthán: 053 9484028 Ríomhphoist: eolasgm@gmail.com

Síniú an dalta		
Ainm an tuismitheora/chaomhnóra (Bloclitreacha)		
Síniú tuismitheora/caomhnóra		
Dáta		
Seoladh tuismitheora/caomhnóra		
Uimhreacha teagmhála	**Fón póca:**	**Baile:**
Síniú an Phríomhoide		

Gaelscoil Moshíológ, An Chraobhach, Bth. Charn an Bhua, Guaire, Co. Loch Garman
www.facebook.com/GaelscoilMoshíológ www.gaelscoilmoshiolog.com
Guthán: 053 9484028 Ríomhphoist: eolasgm@gmail.com

Ghlac an Bord Bainistíochta an Ráiteas seo um Chumhdach Leanaí ar 01/06/21

Sínithe: _____ Sínithe: _____

Cathaoirleach an Bh.Bh. Príomhoide/Rúnaí an Bh.Bh.

Dáta: _____ Dáta: _____